



## **Ceannaire Foirne don Cheannaireacht (tacaíochtaí Feabhsaithe Scoile agus tacaíochtaí faoi Alt 24 san áireamh) Sainchuntas Poist agus Nótaí Ginearálta**

### **1. Forléargas**

Seirbhís tacaíochta trasearnála is ea An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) atá faoi shainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí (TES) sa Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) agus soláthraíonn sí tacaíocht maidir forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile agus do cheannairí scoile. Cuireann obair an PDST le feabhsú scoile trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a sholáthar i dtaca le ceisteanna curaclaim agus oideachais, agus cothaíonn sí cleachtas machnamhach agus foghlaim ghairmiúil i measc múinteoirí agus ceannairí. Scoile.

Is iad seo a leanas na réimsí tosaíochta do na blianta seo amach romhainn:

- Lítearthacht agus Curaclam Teangacha na Bunscoile san áireamh
- Uimhearthach
- Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM)
- Teicneolaíochtaí Digiteacha a leabú sa Teagasc agus san Fhoghlaim ag teacht le Straitéis Dhigiteach DES do Scoileanna
- Féinmheastóireacht Scoile (FMS)
- Sláinte agus Folláine
- Ceannaireacht Scoile
- Ábhair agus Cláir na hIar-bhunscoile

**Tá deis iasachta lánaimseartha ar fáil sa PDST do phost mar Cheannaire Foirne don Cheannaireacht.**

Beidh sé/sí ag obair mar bhall d'fhoireann meánbhainistíochta agus beidh sé/sí freagrach d'fhoireann bainistíochta sinsearaí Leas-Stiúrthóirí agus don Stiúrthóir Náisiúnta.

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná Déardaoin an 28 Márta ag 3i.n**



## 2. Sainchuntas Poist

Beidh an Ceannaire Foirne freagrach as na nithe seo a leanas:

### 2.1 Riarachán

- imeachtaí CPD náisiúnta agus réigiúnacha a phleanáil, a sceidealú, a mhonatóiriú agus a mheasúnú
- iarratais ar thacaíocht scoile a bhainistiú agus an líon cásanna a dháileadh ar chomhairleoirí
- na sonraí tacaíochta CPD atá iontráilte ag comhairleoirí sa Chóras Bainistíochta Sonraí PDST a mhonatóiriú, a thaifeadadh agus a asbhaint
- línte buiséid a bhainistiú don Cheannaireacht agus do thacaíochtaí SSE, lena n-áirítear an buiséad bliantúil a ullmhú agus caiteachas a mhonatóiriú
- oiliúint agus forbairt na foirne lánaimseartha comhairleoirí agus na gcomhlach páirtaimseartha a chomhordú
- acmhainní a chur ar fáil don fhoireann comhairleoirí
- ionduchtú agus oiliúint ball foirne nua a phleanáil
- ábhair acmhainní a ullmhú agus a chur ar fáil mar chuid d'fhorbairt agus tacaíocht ghairmiúil
- tacú le comhtháthú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht
- na rannáin chúí a chothabháil ar shuíomh idirlín an PDST
- tacú leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí agus iad i mbun obair an PDST a chomhordú
- tabhairt faoi thascanna riaracháin de réir riachtanais na mbainisteoirí sinsearach
- tuairiscí a scríobh agus cáipéisíocht a bhainistiú
- cumarsáid éifeachtach a eagrú agus a chothabháil

### 2.2 Ceannaireacht Scoile

- an fhoireann lánaimseartha comhairleoirí ceannaireachta bunscoile agus iar-bhunscoile a stiúradh agus a bhainistiú
- dearadh na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a stiúradh agus a bhainistiú le haghaidh ceannairí scoile (príomhoidí, leas-phríomhoidí, meán-cheannairí) agus an seachadadh dá réir trí shamhlacha éagsúla lena n-áirítear cláir shonracha Ceannaireachta an PDST: Misneach, Tánaiste agus Forbairt, lena n-áirítear Líonraí Foghlama Gníomhaíochta Forbairt an PDST
- dearadh agus soláthar na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí an PDST do cheannairí scoile ag pointí eile ar an gcontanam ceannaireachta scoile (Meitheal, Líonraí, mar shampla)
- dearadh agus soláthar na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a stiúradh agus a bhainistiú i réimse na



féinmheastóireachta scoile do cheannairí scoile agus don mhórdhaonra múinteoirí i gcomhar le ceannairí eile foirne

- stiúradh agus bainistiú ar thacaíocht do thionscnaimh ceannaireachta faoi stiúir na Roinne atá ar bun faoi láthair (an Sármhaitheas tríd an gCeannaireacht agus Bainistíocht Chomhoibríoch, mar shampla) agus tionscnaimh eile, de réir mar is gá san fhadtéarma
- stiúradh ar thacaíocht Foghlama Gairmiúla Leanúnaí an PDST agus oiliúint foirne le haghaidh Alt 24 den Acht Oideachais, 1998
- stiúradh agus bainistiú a dhéanamh ar an bhfoireann pháirtaimseartha comhpháirtithe a earcaíodh chun obair a dhéanamh ar dhearadh agus seachadadh an chláir ceannaireachta

### **2.3 Comhoibriú le gníomhaireachtaí**

- Socraíochtaí comhoibríocha éifeachtacha a fhorbairt le seirbhísí tacaíochta na Roinne i soláthar foghlama gairmiúla do cheannairí scoile
- teagmháil agus obair leis an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL) chun comhoibriú a dhéanamh ar an gceannaireacht agus an dearadh ar thionscadail nuálaíochta ceannaireachta do scoileanna sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma

D'fhéadfadh freagrachtaí an Cheannaire Foirne athrú de réir riachtanais agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus de réir mar a shannann an Stiúrthóir Náisiúnta iad.

### **3. An Réimse Eolais, Taithí agus Scileanna a theastaíonn**

An réimse sonrach eolais, taithí agus scileanna a theastaíonn

- Ní mór post buan a bheith ag iarratasóirí mar Phríomhoide nó mar Leas-Phríomhoide i mbunscoil nó iar-bhunscoil aitheanta.
- Eolas agus tuiscint chríochnúil ar bhainistíocht scoile agus ceannaireacht scoile.
- Taithí cruthaithe i róil ceannaireachta agus bhainistíochta

Beidh réimse inniúlachtaí agus scileanna ag an té a cheapfar, a thacóidh leis/léi sa ról, go háirithe iad seo a leanas:

- sárscileanna idirphearsanta
- cur amach ar an gceannasaíocht agus scileanna ceannasaíochta
- scileanna den scoth maidir le hidirbheartaíocht, bainistíocht is spreagadh foirne, agus cumas cruthaithe maidir



le ceannasaíocht agus bainistiú athruithe

- eitic oibre láidir
- scileanna deartha agus seachadta bainistíochta tionscadail
- réimse taithe múinteoireachta agus tuiscint mhaith ar churaclaim náisiúnta, oibríocht scoileanna agus an reachtaíocht ábhartha (lena n-áirítear Alt 24 den Acht Oideachais, 1998)
- cur amach ar cheisteanna reatha agus ceisteanna atá ag teacht chun cinn maidir le taighde oideachais agus an chaoi is cosúil go mbeidh tionchar aige seo ar an ról sa tréimhse ón ngearrthearma go dtí an meántearma
- cur amach agus taithe ar oideachas múinteora éifeachtúil, ceannaireacht scoile, féinmheastóireacht scoile agus straitéisí feabhsaithe scoile
- taithe maidir le dearadh, forbairt agus soláthar forbartha gairmiúla múinteoirí, lena n-áirítear fianaise go bhfuil an cumas ann/inti chun machnamh, fiosrú agus taighde scoil-bhunaithe a ghríosú i measc múinteoirí
- a bheith in ann obair daoine eile a eagrú agus a chomhordú ar bhonn réamhghníomhach
- tuiscint ar theicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht

Is gné lárnach í an tsolúbthacht ó thaobh freastal ar riachtanais na heagraíochta de, agus cuimsítear leis seo a bheith sásta tabhairt faoi thasteal agus/nó obair sa tráthnóna de réir mar is réasúnta agus cuí d'fhonn dualgais a chur i bhfeidhm go héifeachtúil faoi réir na srianta arna leagan síos san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Ba bhuntáiste don ról seo taithe ar mhúineadh trí mheán na Gaeilge, líofacht sa teanga agus a bheith sásta obair trí Ghaeilge, ach ní riachtanas é.

#### 4. Láthair

- Déanfar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo a thabhairt ar iasacht d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus tuairisceoidh siad d'fhoireann bhainistíochta an PDST
- Ní éileofar go mbeidh an Ceannaire Foirne bunaithe in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. Mar sin féin, beidh air/uirthi taiseal chuige agus chuig áiteanna eile de réir mar is gá
- Beidh sé riachtanach go mbeadh a modh taistil féin ag an iarrthóir a n-éiríonn leis/léi chomh maith le ceadúnas iomlán tiomána a shealbhú agus a choinneáil
- Beidh feidhm ag rátaí taistil agus cothabhála na seirbhíse poiblí agus déanfar iad a ríomh ó d'Ionad Oideachais áitiúil ainmnithe, nó ó do bhaile, de réir mar is cuí

#### 5. Incháilitheacht

- Tá an post seo ar oscailt do na príomhoidí agus leas-phríomhoidí uile a bhfuil post buan acu i mbunscoil nó iar-bhunscoil aitheanta.
- Beidh poist ar iasacht i gcomhréir le téarmaí Chiorclán DES maidir le hlasacht – 0029/2018 faoi láthair



- Déanfar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo a cheapadh ar bhonn iasachta ar feadh scoilbhliain amháin, faoi réir tréimse phromhaidh trí mhí a chríochnú go sásúil.
- Tá an iasacht faoi réir athbhreithniú agus athnuachan bliantúil agus faoi réir ceadú bliantúil ó údarás/Bhord Bainistíochta na scoile agus ó DES

### **Ceadú ón Roinn Oideachais agus Scileanna**

- Tá gach ceapachán faoi réir cheadú DES
- Ní dhéanfar aon tairiscint chinntitheach ar phost sula dtabharfar ceadú

### **Conradh**

- Beidh ar gach iarrthóir a n-éiríonn leis/léi conradh iasachta a shíniú, ar conradh é ina ndéanfar foráil do phróiseas leanúnach feidhmíochta agus forbartha.

### **Eile**

- Déanfar gach ceapachán ar an gcoinníoll go gcuirfidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi fianaise ar Imréiteach an Gharda Síochána agus fianaise ar thuairisc shásúil faoi shaoire bhreiteachta ar fáil d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
- Tá gach ceapachán faoi réir teistiméireachtaí sásúla a chur ar fáil, lena n-áirítear teistiméireacht ó fhostóir reatha an iarratasóra
- Coimeádann Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an ceart chuige féin an post a fhógairt arís más rud é go measann sé nach bhfuil dóthain iarratasóirí incháilithe ann. Cuirfear é sin in iúl d'iarratasóirí incháilithe agus beidh sé de rogha acu a n-iarratas a choinneáil ar chomhad
- Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ag obair go heisiach d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus ní fhéadfaidh sé/sí aon fhostaíocht eile a bheith aige/aici ar feadh thréimhse an chonartha gan an cead cuí a fháil

## **6. Salary**

Tá an tuarastal i gcomhair Ceannaire Foirne ar iasacht i gcomhréir le Catagóir 3 amhail dá bhforáiltear i nDámhachtain Eadrána 2003 maidir le múinteoirí ar iasacht faoi réir na gcoinníollacha bhfuil breac-chuntas orthu thíos.

Tá an luach saothair faoi réir pholasaithe agus rialacháin ábhartha DES nó na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach uile thráth. Beidh feidhm ag Ciorcláin Reatha Phá na Roinne Oideachais agus Scileanna – is é Ciorclán 0051/2018 an ciorclán reatha.



Tá Ceannaire Foirne (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht roimh 2011) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Bhunscála Comónta na Múinteoirí, **móide**
- liúntas um bunchéim onóracha
- liúntas um Ard-Teastas Oideachais onóracha
- an liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 3, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir Ar iasacht	Post	Bunscála Comónta na Múinteoirí	Liúntas um Chéim Onóracha	Liúntas um ATO Onóracha	Liúntas Iasachta Caighdeánach
3	Ceannaire Foirne	Mar a bhaineann	€4,918 pa	€1,236 pa	€13,146 pa

Tá

Ceannaire Foirne (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht i ndiaidh 1 Eanáir 2011 agus roimh 1 Feabhra 2012) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Bhunscála Comónta na Múinteoirí, móide
- liúntas um Ard-Teastas Oideachais onóracha má tá a leithéid de liúntas ag an múinteoir cheana féin
- an liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 3, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar iasacht	Post	Bunscála Comónta na Múinteoirí	Liúntas do ATO Onóracha	Liúntas Iasachta Caighdeánach
3	Ceannaire Foirne	Mar a bhaineann	€1,236 pa	€13,146 pa

Tá

Ceannaire Foirne (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht i ndiaidh 1 Feabhra 2012) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Bhunscála Comónta na Múinteoirí, **móide**
- an liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 3, atá inphinsin (féach tábla thíos)

Catagóir ar iasacht	Post	Bunscála Comónta na Múinteoirí	Liúntas Iasachta Caighdeánach
3	Ceannaire Foirne	As Applicable	€13,146 pa

Ní íocfar na liúntais bhreise go léir do cháilíochtaí agus do phoist freagrachta le foireann ar iasacht atá ag fáil na liúntas iasachta thuasluaite.

Tá an liúntas iasachta iníochta fad agus atáthar ar iasacht agus ní choinneofar é in aon cháil níos faide ná an tréimhse iasachta.



## 7. Gnás Roghnúcháin

- Déanfar an roghnúchán trí agallamh iomaíoch
- Ba cheart foirmeacha iarratais a chur isteach mar cheangaltán ríomhphoist chuig [recruitment@pdst.ie](mailto:recruitment@pdst.ie) faoin **Déardaoin 28 Márta ar 3i.i.n.**
- Ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh
- Bunófar coiste roghnúcháin chun gach gné den phróiseas roghnúcháin a chur i gcrích
- Féadfar gearrliosta a dhéanamh
- Tá sé de fhreagracht ar iarrthóirí iad féin a chur ar fáil d'agallamh ar an dáta atá ceaptha, má thugtar cuireadh dóibh a bheith i láthair. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach mbeifear in ann dáta eile a thabhairt
- Iarrfar orthu siúd a ghlaofar chuig agallamh **cur i láthair 5 nóiméad** a dhéanamh chuig an bpainéal agallaimh ag díriú ar fhís an iarrthóra don phost agus an méid a d'fhéadfadh sé/sí a dhéanamh chun leasa na forbartha gairmiúla do mhúinteoirí laistigh den PDST.
- Beidh an t-agallamh bunaithe ar inniúlachtaí de réir na scileanna a bhfuil cur síos déanta orthu i gcuid 3 thuas den sainchuntas poist agus iad siúd atá leagtha amach san fhoirm iarratais. Féadfar painéal a bhunú ónar féidir folúntais amach anseo a líonadh
- Dícháileofar iarratais má dhéantar stocaireacht go díreach nó go neamhdhíreach
- Beidh na hiarrthóirí freagrach as na costais go léir a tabhaíodh maidir lena n-iarratas agus leis an agallamh

## 8. Scaoileadh ón bPost Reatha

- Is faoi iarrthóirí a n-éiríonn leo a bheidh sé comhaontú a fháil óna n-údaráis scoile lena scaoileadh chun post a ghlacadh don tréimhse atá i gceist.
- Beifear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí a n-éiríonn leo ar fáil don cheapachán a luaithe agus is féidir. Beidh sé riachtanach deimhniú scaoilte a fháil ó d'fhostóir.
- Beidh gealltanais ó d'fhostóir tú a scaoileadh riachtanach.
- Nuair a fhaightear tairiscint iarrfar ar an iarrthóir a n-éiríonn leis/léi deimhniú a lorg láithreach óna f(h)ostóir go mbeidh an fostóir toilteanach an t-iarrthóir ar éirigh leis/léi a scaoileadh de réir na foirme iarratais atá ceangailte le ciorclán iasachta 29/2018 lena n-éilítear go síneadh Príomhoide na Scoile agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/an Príomhfheidhmeanach (BOO amháin) cuid 3 den fhoirm iarratais

## 9. Ceisteanna

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an doiciméad seo a sheoladh ar ríomhphost chuig [recruitment@pdst.ie](mailto:recruitment@pdst.ie)